Foghlaim i Seomra Ranga an Cheoil – Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta

Oide

De réir mar a léann tú trí na torthaí foghlama thíos ...
Sainaithin an fhoghlaim a bhfuil tú páirteach ann faoi láthair
Roghnaigh an foghlaim a bhfuil dúil agat ann
Cad é an fhoghlaim is nua an fhoghlaim i do chomhthéacs í?



Snáithe: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

1.1 Na scileanna taibhithe atá riachtanach chun ceol a chur in iúl go héifeachtach a phlé.

1.2 Réimse de scileanna taibhithe cuí a thaispeáint.

1.3 Líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú d'uirlisí agus do ghuthanna.

1.4 Tobchumadh chun smaointe gearra ceoil a chruthú.

1.5 Ceol nach bhfuil cur amach acu air a thaibhiú ar a fheiceáil agus trí chluasbhraistint.

1.6 Líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú i stíl rithime, méadair nó foirme damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh áirithe.

1.7 Tionlacan le líne aonair shéise a chumadh agus a thaibhiú.

1.8 Réimse teicnící a thaispeáint, trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, chun píosa ceoil a chruthú, a chur in eagar, a thaifeadadh agus a chomhroinnt.

1.9 Cleachtadh agus taibhiú de réir fuaimrian taca.

1.10 Éifeachtaí próiseála i gceol beo agus ceol taifeadta a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu trí chluasbhraistint.

1.11 Éifeachtaí próiseála a chur i bhfeidhm ar cheol úrnua nó taifeadtaí agus tionchar na n-éifeachtaí a úsáideadh a mheas.

1.12 Cur síos achomair a dhéanamh ar ról an cheoil a chruthaíonn siad agus a gcuid roghanna cumadóireachta cruthaitheacha a chosaint.

1.13 Céard is cóipcheart ann agus an chúis a bhfuil sé tábhachtach i dtionscal an cheoil a mhíniú.

1.14 Na céimeanna atá riachtanach chun cóipcheart a fháil ar cheol úrnua a leagan amach.



Snáithe: Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

2.1 Éisteacht leis an gceol, breithmheas agus freagra a thabhairt air trí úsáid a bhaint as teanga chuí an cheoil.

2.2 An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé a fhiosrú.

2.3 Príomhthréithe agus sainghnéithe an Cheoil Thraidisiúnta Ghaelaigh a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu.

2.4 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ar Cheol Traidisiúnta Gaelach ag cineálacha eile ceoil agus an bealach eile thart.

2.5 Ról agus cuspóir an cheoil i gcineálacha éagsúla meán a shainaithint agus a fhiosrú.

2.6 Píosa gearr ceoil úrnua a léiríonn carachtar, giúmar nó atmaisféar atá oiriúnach le húsáid i gcomhthéacs na meán a chruthú agus a thaibhiú.

2.7 Smaointe ceoil úrnua a chruthú agus a thaibhiú mar fhreagra ar ábhar spreagthaigh.

2.8 Critéir a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun taibhithe beo agus taifeadta a mheas.

2.9 Taighde agus fiosrúchán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ceoil atá ar fáil sa phobal áitiúil.

2.10 Plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an ceol tar éis cur le himeacht pobail áitiúil ar fhreastail an scoláire air agus/nó inar ghlac siad páirt.

2.11 Tras-scríobh míreanna rithimeacha agus séiseacha, agus réimnithe cordaí, trí chluasbhraistint.

2.12 Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndearna obair ceoltóirí agus cumadóirí eile eolas do smaointe ceoil an scoláire agus an chaoi a raibh tionchar aici orthu

2.13 Comhoibriú le daoine eile chun sliocht de phíosa ceoil nó d'amhrán atá ann cheana féin a oiriúnú agus a thaibhiú.

CC BY NC